

Shelton Abbey Visiting Committee Annual Report 2013

Shelton Abbey Visiting Committee has pleasure in presenting their report for the year 2013.

The Visiting Committee played an active role in the life of the Centre and met on 11 occasions during the course of the year under the Chairmanship of Mr. Thomas Gregan. Mr. Gregan as chairman attended Chairperson meetings in various other prisons throughout the year. Members were facilitated in regard to their meetings and regular visits. No offenders made requests to see the Visiting Committee during the course of the year. There are only 4 Members on the committee and we need a minimum of 3 members to form a quorum. The chairman has requested more members for the committee. The chairperson has attended quarterly meetings of the Chairs of all VC committees, and has found them very helpful to share ideas & experiences. There was a training day for all VC members in September and it is envisaged that this will become an annual event. We note the good work being done with enhancing of visits in Shelton Abbey by Governor Healy and his Staff. The ongoing initiatives to providing this enhancement is most welcome and greatly encouraged by the committee.

Addiction Counsellor

The Addiction Counsellor continues to prove highly effective in terms of linking in with offenders who are committed here with Addiction issues.

Catering

Training continued for both our Catering staff and offenders. A total of 13 offenders were employed daily in our kitchen and were heavily involved in food preparation, records, cleaning, serving etc. An external audit of our catering services was carried out in July and a very positive result was attained in that the Kitchen retained its Q Mark status.

Chaplaincy

Spiritual Care to offenders during the year was provided by Sr Pat Egan / Sr Mairead Gahan, who attended the Centre for 3 days per week in addition to Sunday mornings. Sunday Service, was facilitated by Fr Crossan. Sr Pat Egan retired in April and replaced by Sr Mairead Gahan. Sr Mairead Gahan retired in October and is currently awaiting a replacement. Fr Crossan has gone on a sabbatical and Fr Cosgrove P.P. in Arklow has taken charge of the Avoca Parish as well.

Avoca House

Avoca House continues to operate in a manner which promotes the ethos of Shelton Abbey. Offenders graduate to the single cell, ensuite accommodation from the main House in most instances. There are however, allowances' made for special case offenders who will transfer directly into Avoca house from the transferring prison. Examples of this category of offender would be an offender serving Life, other long term offenders.

Bothar:

Shelton Abbey once again provided the quarantine for the goats for Bothar in 2013. 150 goats from the Republic of Ireland arrived in Shelton Abbey between 18/09/2013 and the 14/10/2013. All care for the goats is done by the inmates working on the farm and under the supervision of vets from the department of agriculture who come and inspect the goats and supervise the goats being loaded when they are being exported. The 150 goats were exported on the 21/11/2013 when they left Shelton Abbey and started their 6 day trip to Albania by land and sea.

22 calves were received on to the farm in March of 2013. These are currently being cared for here by the inmates and will be put in calf to a Friesian Bull from June onwards and will be exported in October. On the 19/09/2013 21 in calf heifers were exported to Romania. On the 18/09/2013 we had a Bothar open day where the farmers who donated the calves are invited back to view their heifer before they are exported. In 2013 Bothar also ran a 5 module animal husbandry course specifically to do with the work the inmates do with the calf rearing. This was certified by VIVA and 13 Inmates were presented with their certificates on the Bothar open day.

Bedding Plants:

Bedding plants were brought into the poly tunnel on weeks 9, 11, 13, and 17. Inmates planted up all bedding plants and looked after the plants in poly tunnel by watering, fertilizing and hardening off the plants before sale. The bedding plants were sold to Mountjoy, Arbour Hill, Dóchas centre, St. Patrick's, and Cloverhill Prisons. Some local charities also received a donation of flowers on behalf of the Governor. Winter bedding plants were also brought into the poly tunnel in September and the Dublin Prisons was supplied with their winter bedding requirements.

Flower beds and Hanging Baskets

All flower beds and hanging baskets were maintained to a high standard. The plants for these flower beds and baskets were sourced from the poly tunnel on the farm. Inmates were responsible for planting, watering and weeding these beds throughout the summer months.

Maintenance

As always the garden requires a huge amount of maintenance all year round. The garden requires a huge amount of grass cutting, strimming and spraying of footpaths throughout the summer. There was a huge amount of planting done also in the flower beds, fan beds, fountain, and rose garden and also maintenance around the reed bed, water towers and river access gate provided. Throughout the winter months it turned to leaf blowing and composting and drainage of footpaths. There was also a lot of trees in the garden planted which were to replace trees that have been destroyed by storm damage throughout the year. The inmates working on the garden were also involved in relocating the three flag poles to the diamond by the visiting hut and erecting the new signage for Shelton Abbey.

New Perimeter Fence

There is a new perimeter fence being erected between Shelton Abbey and Coillte which consists of metal panelling resting on top of concrete wall effect slabs. The metal panels and the concrete slabs are being manufactured on the farm and it is being erected by the inmates working in the garden. The new perimeter fence is replacing the old chain link fence which has fallen into disrepair over the years due to falling trees and debris.


Grow your own Veg. Project

During the summer months WTO Declan Jordan instructed inmates in the art of growing their own veg. from seed and caring for the veg. through to the harvesting stage which would have involved everything from weeding, thinning, watering etc. He also completed another module

on the potting and planting of flowers and shrubs. This was done in conjunction with the education unit and was a Fetec level 3 course. The course was a huge success and is being expanded for 2014 and been moved to the football field where 12 purpose built veg. plots are being created and a new shed for all tools is being built.

Offenders Statistics

161 offenders transferred into Shelton Abbey in 2013. 42 offenders transferred out. An increase of bed capacity to 115 from 01.10.12. There were 14 offenders absconded from Shelton Abbey in 2013 as opposed to 24 in 2012. See attached Chart



A total of 8 offenders gained external employment locally on a Daily Temporary Release basis. Another 6 were employment locally on a part-time/ seasonal basis.

Educational Activities in 2013

Educational Services were provided by the equivalent of 7.4 whole time teachers. The Education centre operated in the usual academic calendar in addition to a summer programme conducted during the months of June and July. Classes were time tabled from 9.30 - 12.30, 2.15 - 4.15, and in addition, evening classes were conducted from 4.30 - 6.30/7.30 each evening Monday to Friday.

The total number of offenders enrolled for education courses in 2013 was 211.

Options for accredited and non-accredited programmes were offered to all offenders. The primary emphasis being for those with basic educational needs, in order to cater for literacy, numeracy. Social skills and occupational skills development.

Title of programme:	Throughput in 2013:	Comments:
Anger management	22	Referrals from Probation services etc
Adult Guidance & Counselling	48	Education Course
Getting Out - Pre Release Programme	20	Education Course
ESOL Programme	14	English classes for non national students
ABE	41	Basic education (Literacy 1-1, small groups)
Open University.Courses followed;	5	2 completed, 3 ongoing
Maynooth 1 yr Certificate	3	Courses arranged through HSE, And Co. Wicklow
Outreach courses attended in Arklow		VEC
Addiction Studies		
Counselling Skills		

Vocational Training in 2013

Course Title	Throughput	Accredited
Driver Theory Test	38	19
Full Driving Licence	3	3
Safe pass Course	38	38

Fetac Courses Completed

Course Title	Level	Throughput
Computer Aided Draughting	5	4
Start your own Business	5	9
Furniture Making	5	2
Communications	5	1
Psychology	5	1
Woodcraft	4	6
Health Related Fitness	4	8
Painting	4	3
Communications	4	1
Computer Literacy	3	10
Art and Design	3	4
Craft Mosaic	3	10
Food & Cookery	3	8

67 modules completed by 43 Students

Non FETAC Courses completed

F.S.A.I. (Food Safety Authority) Induction Training	8
Leaving Cert. exams completed O.L. Maths. & O.L. English	1
First Aid (Emergency first response) Completion certificate	18
E.C.D.L. 3-4 modules completed	6
E.C.D.L. Computer Courses Full Cert completed	6

Achievements/ Events in 2013

Fund-raising projects

Fund raising: 2 Coffee mornings were organised by the teacher and students of the Start your own Business courses in aid of the Childrens' Hospital, with a total of €500.00 being raised. These events were very well supported by staff from all areas, and prisoners.

On June 18th, as part of the P.E. programme, a 10Km Run/Walk was organised in Shelton. 38 prisoners participated on the day along with a number of teachers and officers. This was a fundraiser in support of Crumlin Childrens' Hospital. A total of €3500.57 was raised. The event was followed by a BBQ for all involved. This event was most successful, and it is hoped that it will be run annually from now on.

Summer Projects;

A Woodsculpture project was completed between July and September by a group of six offenders with our Woodsculpture teacher. The group planned and made a cabinet to house a TV to be erected in the Visiting area. Having made the cabinet, the group then carved a design on the doors which is designed to complement the ornate ceiling in the room.

Various other activities included a Drama workshop, Table-Quiz, and Forest-walks. These extra activities were run in conjunction with regular timetabled classes through to the end of July

Arts Council Projects;

Two projects took place in the summer term of 2013

Creative writing. A scriptwriting workshop was facilitated by Mr Jeff Power, during June and July over four weeks. On completion of the writing, the group had an opportunity to apply their work practically through drama sessions. Some participants opted out at the second stage, preferring to be involved purely in the writing phase, whereas others thoroughly enjoyed the development and production of their own scriptwriting.

Art, During June, a 10 day Stencil Art Project was completed by 10 participants. This was co-facilitated by the Art Teacher and Arts' Council Artist Sheila Dunne. The theme chosen was Physical Activity. The completed project, in the form of large murals were mounted on the walls of the Gym here in Shelton.

Adult Basic Education Developments:

Storybook Dads'

A new active ABE step that was undertaken in the autumn was the 'Storybook Dads' project, in conjunction with the local library service, and promoted through HMP Dartmoor, U.K. It is aimed at fathers with literacy needs. The scheme encourages them to strengthen relationships with their children through interaction with books and storytelling. Fathers are given the opportunity to record reading and storytelling which can be edited, transferred onto CD and sent to their children.

Shannon Trust - 'Toe by Toe' – the peer learning project

Toe by Toe is a reading plan, for those who require reading support in custody and it is delivered by prisoners for prisoners. It is organised by the Shannon Trust, a registered charity, established in the U.K. The Trust, through the IPS, invited us to pilot this scheme, and offered to fund it for 6 months. Two mentors were trained by us, and the pilot began with 2 additional learners. The programme is a 20 minute session a day x 5 days each week. It operates co-operatively between prisoners, the school, prison staff and management.

Physical Education;

As part of the P.E. programme, two swimming courses were held during 2013 catering for up to 16 participants per course. In addition, two "Racquets courses" were held on completion of the swimming at the Arklow Coral Sports Centre. T.R. was granted to offenders to attend accompanied by two officers and two P.E. teachers. Each of these courses were very well attended, and they formed part of the FETAC Health Related Fitness L4 course work. Two regular soccer sessions were timetabled per week, coached by the P.E.teacher, Gym Officer and FAI coach.

Weekly forest walks took place on Friday afternoons. In June and July a group of 14 offenders went Hill-walking on three occasions, accompanied by an Officer and two P.E. Teachers. Tennis and Volleyball was played, with a successful "Shelton Tennis Tournament" bringing the summer P.E. programme to a conclusion.

Health Care

The needs of offenders were well catered for during the year and there were no incidents which gave rise to concerns. A local Doctor attends on 5 mornings per week for a two hour period. Outside of these times, the Doctor will attend if required in an emergency type situation. The dental and optical needs of offenders are catered for by appointment in Arklow town. There is a Health Care Staffing compliment of two Nurse Officers rostered back to back from 8am to 8pm, 7 days per week.

Library

The Library is open 10 hours per week as follows

Tuesday 10.00 am -12.00pm

Wednesday 10am-12.00pm

Thursday 9.30am 10.30am, 11.00am-12.00pm and 5.00pm-7.00pm

Friday 5.00pm-7.00pm.

Psychology

There is no fulltime Psychologist since we lost our last Psychologist in October 2010, we have depend on other Psychologists coming here from other Prisons as the need arises.

Probation Service

Our Probation Service continued to operate on a five day week. The Probation Service provides a full service to all our offenders during the year in addition to playing an active role in multi - disciplinary working and in partnership with the other services delivering rehabilitation programmes and initiatives to offenders.

Other Services

Security

CCTV and Alarmed External Doors continue to provide added assistance in providing security within Shelton Abbey. The Security Screening Booth at the entrance to Shelton Abbey allows staff to check all visitors re identification, and also allows for the secure storage of visitors mobiles phones, handbags etc. in line with Irish Prison Service guidelines on security. There were 17 mobile phones confiscated, in total for the year.

Staff

The staffing compliment for Shelton Abbey was 48 officers in total.

Recreation

With the increase in capacity it was important that efforts were made to improve the recreational facilities available to offender's .Room space became available with re- location of the Tuck Shop. The room was refurbished and set it up as a pool and darts room. This has proved to be popular with offenders during the evenings and at weekends. A fully equipped Gym which is open 7 days per week and managed by 2 qualified Gym Officers. Inmates attend Coral leisure Centre in Arklow on a weekly basis where offenders are taught to swim, play indoor soccer, squash and raquetball. F.A.I. Soccer Skills Course is provided in Shelton Abbey with a Soccer Coach to facilitate said course on 1 afternoon per week.

There are regular Bingo sessions, Table Quiz`s (in conjunction with the Education Unit), Card Drives, Dart Competitions, Soccer Tournaments and Pool Competitions for offenders.

Welding

In 2013 we started to replace the iron works on the rose garden and made an arched gate along by the bridal path. All works including the painting of the iron works is being carried out on the farm workshop by inmates who have been trained in welding workshops in closed prisons.

Car valeting

All Shelton Abbey vehicles continue to be valetted on the farm in the workshop using the specialist tools and machinery

Signatures:

Mr Thomas Gregan (Chairperson) _____

Mr Gerry Delaney. _____

Ms Margaret Short. _____

Mr Richard Codd. _____

Tuarascáil Bhliantúil 2013 Choiste Cúairte Theach na gCanónach 2013

Is cúis áthais do Choiste Cúairte Theach na gCanónach a thuarascáil don bhliain 2013 a chur i láthair.

D'imir an Coiste Cúairte ról gníomhach i saol an Ionaid agus, faoi chathaoirleacht an Uasail Thomas Gregan, tháinig sé le chéile ar 11 ócáid le linn na bliana. Agus é ina chathaoirleach, d'fhreastail an tUas. Gregan ar chruinnithe Cathaoirligh i roinnt príosúin éagsúla eile i rith na bliana. Éascaíodh baill i dtaca lena gcruinnithe agus lena gcúairteanna rialta. Ní dhearna aon chiontóir iarratas chun bualadh leis an gCoiste Cúairte i rith na bliana. Ní raibh ach 4 Ball ar an gcoiste agus tá 3 ball ar a laghad ag teastáil uainn chun córam a bhunú. D'iarr an cathaoirleach tuilleadh ball don choiste. D'fhreastail an cathaoirleach ar chruinnithe ráithiúla leis na cathaoirligh ar na coistí cúairte go léir, agus cheap sé go raibh siad ina chuidiú mór le smaointe agus eispéiris a chomhroinnt. Bhí lá oiliúna ar siúl do gach ball de na coistí cúairte i mí Mheán Fómhair agus tá sé beartaithe go mbeidh sé sin ina imeacht bliantúil. Tugaimid dár n-aire an dea-obair atá á déanamh ag an nGobharnóir Healy agus ag a Fhoireann maidir le cúairteanna i dTeach na gCanónach a bhreisiú. Cuirtear fearadh na fáilte roimh na tionscnaimh leanúnacha chun an breisiú sin a chur ar fáil agus tá siad á spreagadh go mór ag an gcoiste.

Comhairleoir Andúile

Leanann an Comhairleoir Andúile ar aghaidh le bheith an-éifeachtach maidir le nascadh le ciontóirí a chimítear anseo a bhfuil fadhbanna Andúile acu.

Lónadóireacht

Leanadh ar aghaidh le hoiliúint a chur ar ár bhfoireann Lónadóireachta agus ar chiontóirí araon. Bhí 13 chiontóir san iomlán fostaithe go laethúil inár gcistin agus ghlac siad páirt mhór in ullmhúchán bia, i dtaifid, i nglantachán, i bhfreastal etc. Rinneadh iniúchadh seachtarach ar ár seirbhísí lónadóireachta i mí Iúil. Baineadh toradh an-dearfach amach nuair a choinnigh an Chistin stádas an Chomhartha Q.

Séiplíneacht

Chuir an tSiúr Pat Egan / an tSiúr Mairéad Gahan cúram spioradálta ar fáil do chiontóirí i rith na bliana agus d'fhreastail siad ar an Ionad 3 lá in aghaidh na seachtaine agus ar mhaidineacha Domhnaigh. D'éascaigh an tAthair Crossan an tSeirbhís Domhnaigh. Chuaigh an tSiúr Pat Egan ar scor i mí Aibreáin agus tháinig an tSiúr Mairéad Gahan isteach ina háit. Chuaigh an tSiúr Mairéad Gahan ar scor i mí Dheireadh Fómhair agus tá sí ag feitheamh le hionadaí. Tá an tAthair Crossan ar saoire shabóideach agus tá an tAthair Cosgrove, ar sagart paróiste san Inbhear Mór é, i gceannas ar Pharóiste Abhóca freisin.

Teach Abhóca

Leanann Teach Abhóca de bheith ag oibriú ar bhealach a chuireann éiteas Theach na gCanónach chun cinn. Bogann ciontóirí ar aghaidh chuig an gcóiríocht cillín en suite aonair ón bpríomhtheach i bhformhór na gcásanna. Mar sin féin, déantar ciontóirí cáis speisialta a aistrefar go díreach isteach i dTeach Abhóca ón bpríosún aistrithe a chur san áireamh. I measc samplaí den chatagóir seo de chiontóir, tá ciontóir atá ag cur isteach pianbhreith saoil agus ciontóirí eile fadtéarmacha.

Bóthar:

Chuir Teach na gCanónach an coraintín ar fáil do na gabhair do Bóthar arís eile i 2013. Tháinig 150 gabhar ó Phoblacht na hÉireann go Teach na gCanónach idir an 18/09/2013 agus an 14/10/2013. Tugann príosúnaigh a oibríonn ar an bhfeirm faoin gcúram ar fad do na gabhair faoi mhaoirseacht tréidlianna ón Roinn Talmhaíochta a thagann chun iniúchadh a dhéanamh ar na gabhair agus a dhéanann maoirseacht ar na gabhair agus iad á lódáil lena n-easpórtáil. Easpórtáladh na 150 gabhar ar an 21/11/2013 nuair a d'fhág siad Teach na gCanónach agus nuair a thosaigh siad a dturas 6 lá go dtí an Albáin ar an talamh agus ar an bhfarraige. Fuarthas 22 lao ar an bhfeirm i mí an Mhárta 2013. Tá na príosúnaigh ag freastal orthu anseo faoi láthair agus béarfaidh siad Freaslannaigh ó mhí an Mheithimh ar aghaidh agus easpórtálfar iad i mí Dheireadh Fómhair. Ar an 19/09/2013 easpórtáladh 21 lao bhaineanna go dtí an Rómáin. Ar an 18/09/2013 reáchtáladh lá oscailte do Bóthar, agus tugadh cuireadh do na feirmeoirí a dheonaigh na laonna teacht ar ais chun a laonna a fheiceáil sula n-easpórtálfar iad. I 2013, reáchtáil Bóthar cúrsa 5 mhodúl um fheirmeoireacht ainmhithe freisin a bhain go sonrach leis an obair a dhéanann na príosúnaigh leis an tógáil gamhna. Rinne VIVA é sin a dheimhniú agus bronnadh a dteastais ar 13 Phríosúnach ar an lá oscailte do Bóthar.

Plandaí Ceapaí:

Tugadh plandaí ceapaí isteach sa pholathollán ar sheachtain 9, ar sheachtain 11, ar sheachtain 13 agus ar sheachtain 17. Chuir príosúnaigh na plandaí ceapaí uile agus thug siad aird do na plandaí sa pholathollán trí uisce a chur orthu, trí iad a leasú agus trí iad a chruachan sular díoladh iad. Díoladh na plandaí ceapaí le Príosún Mhuinseo, le Príosún Chnoc an Arbhair, le hIonad Dóchas, le Foras Naomh Pádraig agus le Príosún Chnoc na Seamar. Fuair roinnt carthanais áitiúla bláthanna thar ceann an Ghobharnóra freisin. Tugadh plandaí ceapaí geimhridh isteach sa pholathollán i mí Mheán Fómhair freisin agus cuireadh a riachtanais cheapaí geimhridh ar fáil do na Príosúin i mBaile Átha Cliath.

Ceapacha Bláthanna agus Bláthchiseáin ar Crochadh

Coinníodh gach ceapach bláthanna agus bláthchiseán ar chrochadh ar chaighdeán ard. Foinsíodh na plandaí le haghaidh na gceapach bláthanna agus na mbláthchiseáin sin ón bpolathollán ar an bhfeirm. Bhí freagracht ar na príosúnaigh as na ceapacha sin a chur, a uisciú agus a ghortghlanadh ar fud mhíonna an tsamhraidh.

Cothabháil

Mar is amhlaidh an scéal i gcónaí, teastaíonn méid ollmhór cothabhála ón ngairdín fud fad na bliana. Éilíonn an gairdín méid ollmhór bearradh féir, gearrtha agus spraeáil cosán ar fud an tsamhraidh. Rinneadh méid ollmhór plandaithe freisin sna ceapacha bláthanna, sna leapacha fean, sa scairdeán agus sa ghairdín rósanna agus cuireadh cothabháil ar fáil timpeall na leapa giolcaí, na dtúr uisce agus an gheata rochtana ar an abhainn. Le linn mhíonna an gheimhridh, ba é séideadh agus múiríniú duilleog agus draenáil cosán an obair a rinneadh. Cuireadh roinnt mhaith crann sa ghairdín freisin chun teacht in áit na gcrann a scriosadh le damáiste stoirme ar fud na bliana. Bhí páirt ag na príosúnaigh a bhí ag obair sa ghairdín in athshuí a dhéanamh ar na trí chrann brataí go dtí an diamant in aice an bhotháin chuairte agus an chomharthaíocht nua do Theach na gCanónach a chur suas.

Claí Imlíne Nua


Tá claí imlíne nua á chur suas idir Teach na gCanónach agus Coillte a chuimsíonn painéaladh miotail ar bharr leaca coincreíte balla-iarmhairte. Tá na painéil mhiotail agus na leaca coincreíte á ndéanamh ar an bhfeirm agus tá sé á chur suas ag na príosúnaigh atá ag obair sa ghairdín. Tá an claí imlíne nua ag teacht isteach in ionad an tseanchlaí shlabhraigh ar tháinig drochbhail air thar na blianta mar gheall ar chrainn a thit aníos agus smionagar.

An Tionscadal chun do Ghlasraí féin a Fhás

Le linn mhíonna an tsamhraidh, theagasc an WTO Declan Jordan do na príosúnaigh an ealaín um a nglasraí féin a fhás as síol agus um chúram a thabhairt do na glasraí ar fud na céime buainteoireachta. Bheadh gortghlanadh, tanúchán, uisciúchán etc. i measc na nithe i gceist sa chéim sin. Chomh maith leis sin, rinne sé modúl eile um bláthanna agus thoir a photú agus a phlandáil a chur i gcrích. Rinneadh é sin i gcomhar leis an aonad oideachais agus bhí sé ina chúrsa ag leibhéal 3 FETAC. D'éirigh go geal leis an gcúrsa agus tá sé á leathnú le haghaidh 2014 agus bogadh é chuig an bpáirc peile mar a bhfuil 12 cheapach fásra shaintógtha á gcruthú agus bothán nua i gcomhair na n-uirlisí go léir á thógáil.

Staitisticí maidir le Ciontóirí

Aistríodh 161 ciontóir isteach i dTeach na gCanónach i 2013. Aistríodh 42 ciontóir amach as. Bhí méadú de 115 leaba ar líon na leapacha, i gcomparáid leis an bhfigiúr ag an 01.10.12. D'éalaigh 14 chiontóir ó Theach na gCanónach i 2013, i gcomparáid leis na 24 ciontóir a d'éalaigh i 2012. Féach an Chairt faoi iamh



Fuair 8 ciontóirí fostaíocht sheachtrach go háitiúil ar bhonn Scaoilte Laethúil Shealadaigh. Bhí 6 ciontóirí eile fostaíthe go háitiúil ar bhonn páirtaimseartha/ séasúrach.

Gníomhaíochtaí Oideachais sa Bhliain 2013

Ba iad coibhéis 7.4 múinteoir lánaimseartha a chuir Seirbhísí Oideachais ar fáil. D'oibrigh an tIonad Oideachais le linn an ghnáthfhéilire acadúil. Chomh maith leis sin, réachtáladh clár samhraidh le linn mhí an Mheithimh agus mhí Iúil. Bhí ranganna ar siúl ó 9.30 go 12.30, ó 2.15 go 4.15. Ina theannta sin, réachtáladh ranganna oíche gach tráthnóna idir an Luan agus an Aoine ó 4.30 go 6.30/7.30.

Bhí 211 ciontóir san iomlán cláraithe le haghaidh cúrsaí oideachais sa bhliain 2013.

Rinneadh roghanna do chlár chreidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe a thairiscint do gach ciontóir. Díriodh go príomha ar uimhearthacht ar mhaithe le freastal ar riachtanais litearthachta na ndaoine siúd a raibh riachtanais bhunoideachais acu. Forbairt scileanna sóisialta agus scileanna gairme.

Teideal an chlár:	Tréachur sa Bhliain 2013:	Nótaí Tráchta:
Láimhseáil feirge	22	Atreoruithe ó sheirbhísí Promhaidh etc
Treoir agus Comhairleoireacht d'Aosaigh	48	Cúrsa Oideachais
Imeacht as an bPríosún - Clár Réamhscailte	20	Cúrsa Oideachais
Clár Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile	14	Ranganna Béarla do mhic léinn nach náisiúnaigh na hÉireann iad
Oideachas Bunata Aosach	41	Bunoideachas (Litearthacht 1-1, grúpaí beaga)
Cúrsaí na hOllscoile Oscailte a rinneadh;	5	2 cheann curtha i gcrích, 3 cinn ar siúl
Cúrsaí Deimhniú For-Rochtana 1 bhliana de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, ar freastalaíodh orthu ar an Inbhear Mór	3	Cúrsaí a eagraíodh trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus trí Choiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin
Staidéar Andúile		
Scileanna Comhairleoireachta		

Gairmoiliúint sa Bhliain 2013

Teideal an Chúrsa	Tréachur	Creidiúnaithe
Tástáil Teoirice Tiomána	38	19
Láncheadúnas Tiomána	3	3
Cúrsa pas shábháilte	38	38

Cúrsaí FETAC (Comhairle na nDámhachtainí

Breisoideachais agus Oiliúna)

a Cuireadh i gCrích

Teideal an Chúrsa	Leibhéal	Tréchur
Línitheoireacht Ríomhchuidithe	5	4
Do Ghnó Féin a Chur ar Bun	5	9
Déanamh Troscáin	5	2
Cumarsáid	5	1
Síceolaíocht	5	1
Ceardaíocht Adhmaid	4	6
Corpachmhainn ar son na Sláinte	4	8
Péinteáil	4	3
Cumarsáid	4	1
Litearthacht Ríomhairí	3	10
Ealaín agus Dearadh	3	4
Ceardaíocht Mhósáice	3	10
Bia agus Cócaireacht	3	8
		67 modúl curtha i gcrích ag 43 mac léinn

Cúrsaí nach Cúrsaí FETAC

iad a Cuireadh i gCrích

FSAI (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann)	Oiliúint Ionduchtaithe	8
Scrúduithe Ardteistiméireachta a cuireadh i gcrích	Matamaitic Gnáthleibhéil agus Béarla Gnáthleibhéil	1
Garchabhair (An chéad fhreagairt éigeandála)	Teastas críochnúcháin	18
ECDL	Cuireadh 3-4 mhodúl i gcrích	6
Cúrsaí Ríomhaire ECDL	Cuireadh an teastas iomlán i gcrích	6

Éachtaí/ Imeachtaí sa Bhliain 2013

Tionscadail tionsaithe airgid

Tiomsú airgid: D'eagraigh múinteoir agus mic léinn na gcúrsaí Do Ghnó Féin a Chur ar Bun 2 mhaidin caife chun cabhrú le hOspidéal na Leanaí. Tionsaíodh €500.00 san iomlán. Fuair na himeachtaí sin an-tacaíocht ó phríosúnaigh agus ó bhaill foirne ó gach réimse.

Mar chuid den chlár corpoideachais, reáchtáladh Rith/Siúlóid 10km i dTeach na gCanónach an 18 Meitheamh. In éineacht le roinnt múinteoirí agus oifigeach, bhí 38 príosúnach páirteach ar an lá. Ba é cuspóir an imeachta ná tacaíocht a thabhairt d'Ospidéal na Leanaí i gCromghlinn. Tionsaíodh €3500.57 san iomlán. Cuireadh beárbaiciú ar siúl tar éis an imeachta do gach duine a bhí páirteach. D'éirigh go geal leis an imeacht agus táthar ag súil go reáchtálfar é ar bhonn bliantúil as seo amach.

Tionscadail Samhraidh:

In éineacht lenár múinteoir Dealbhóireachta Adhmaid, chuir grúpa de sheisear ciontóirí tionscadal Dealbhóireachta Adhmaid i gcrích idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair. Phleanáil an grúpa caibinéad chun freastal ar theilifíseán sa limistéar Cuairte agus thóg siad an caibinéad sin ina dhiaidh. Tar éis dóibh an caibinéad a thógáil, shnoigh an grúpa dearadh ar na doirse – dearadh atá ceaptha chun an tsleáil ornáideach sa seomra a chomhlánú.

I measc na gníomhaíochtaí éagsúla eile a bhí ar siúl, bhí Ceardlann Drámaíochta, Tráth na gCeist Boird agus Siúlóidí Foraoise. Reáchtáladh na gníomhaíochtaí breise sin i gcomhar le ranganna rialta sceidealaithe go dtí deireadh mhí Iúil.

Tionscadail na Comhairle Ealaíon:

Cuireadh dhá thionscadal ar siúl i dtéarma samhraidh na bliana 2013

Scríbhneoireacht chruthaitheach. D'fhreastail an tUas. Jeff Power ar cheardlann scríbhneoireachta scrípte thar thréimhse ceithre seachtaine le linn mhí an Mheithimh agus mhí Iúil. Ar chríochnú na scríbhneoireachta, bhí deis ag an ngrúpa a gcuid oibre a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil trí sheisiúin drámaíochta. Tharraing roinnt rannpháirtithe as an dara céim toisc gurbh fhearr leo páirt a ghlacadh sa chéim scríbhneoireachta amháin, cé gur bhain rannpháirtithe eile an-sult as a gcuid scríbhneoireacht scrípte féin a fhorbairt agus a léiriú.

Ealaín. Le linn mhí an Mheithimh, chuir 10 rannpháirtithe Tionscadal Ealaíne Stionsail 10 lá i gcrích. Is í Sheila Dunne, Múinteoir Ealaíne agus Ealaíontóir de chuid na Comhairle Ealaíon, a chomhfhreastail ar an tionscadal sin. Ba é an téama a roghnaíodh ná Gníomhaíocht Fhísiciúil. Rinneadh an tionscadal críochnaithe, i bhfoirm múrmhaisithe móra, a chur in airde ar bhallaí na Spórtlainne anseo i dTeach na gCanónach.

Forbairtí in Oideachas Bunata Aosach:

Storybook Dads'

Ó thaobh Oideachas Bunata Aosach de, céim ghníomhach nua a glacadh san fhómhar ba ea an tionscadal 'Storybook Dads', rud a bhí á reáchtáil i gcomhar leis an tseirbhís áitiúil leabharlainne agus a bhí á chur chun cinn trí HMP Dartmoor sa Ríocht Aontaithe. Tá sé dírithe ar aithreacha a bhfuil riachtanais litearthachta acu. Tugann an scéim spreagadh dóibh caidreamh lena gcuid leanaí a neartú trí úsáid a bhaint as leabhair agus as scéalaíocht chun idirghníomhú leo. Tugtar deis d'aithreacha léamha agus scéalaíocht a thairneadh. Is féidir na léamha agus an scéalaíocht sin a chur in eagar, a aistriú go CD agus a chur ar aghaidh chuig a gcuid leanaí ina dhiaidh sin.

Shannon Trust – 'Toe by Toe' – an tionscadal piarfhoghlama

Plean léitheoireachta atá in Toe by Toe. Tá sé dírithe orthu siúd a dteastaíonn tacaíocht léitheoireachta uathu agus iad faoi choimeád agus is iad na príosúnaigh a sholáthraíonn é do phríosúnaigh eile. Is é an Shannon Trust, ar charthanas cláraithe a cuireadh ar bun sa Ríocht Aontaithe é, a eagraíonn an tionscadal. Thug an Trust, trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, cuireadh dúinn an scéim sin a phíolótú agus thairg siad dúinn í a mhaoiniú ar feadh thréimhse 6 mhí. Chuireamar féin oiliúint ar bheirt mheantóirí agus bhí 2 fhoghlaimoír bhreise ag tús na scéime píolótaí. Is é atá sa chlár ná seisiún 20 nóiméad amháin in aghaidh an lae, cúig lá sa tseachtain. Oibríonn sé ar bhonn comhoibríoch idir príosúnaigh, an scoil, foireann an phríosúin agus an lucht bainistíochta.

Corpoideachas:

Mar chuid den chlár corpoideachais, reáchtáladh dhá chúrsa snámha le linn na bliana 2013, agus bhíothas ag freastal ar suas le 16 rannpháirtí in aghaidh an chúrsa. Ina theannta sin, cuireadh dhá "chúrsa Raicéad" ar siúl tar éis an tsnámha ag Ionad Spóirt Coral ar an Inbhear Mór. Deonaíodh scaoileadh sealadach do chiontóirí chun go bhféadfaidís freastal ar na cúrsaí in éineacht le beirt oifigeach agus le beirt mhúinteoirí corpoideachais. Bhí tinreamh maith ag an dá cheann de na cúrsaí sin agus bhí siad mar chuid den obair chúrsa do chlár FETAC Corpacmhainn ar son na Sláinte - Leibhéal 4. Sceidealáíodh dhá sheisiún sacair rialta in aghaidh na seachtaine agus ba iad an múinteoir corpoideachais, Oifigeach Spórtlainne agus cóitseálaí ó Chumann Peile na hÉireann a chóitseáil iad.

Cuireadh siúlóidí seachtainiúla foraoise ar siúl tráthnóna na hAoine. I mí an Mheithimh agus i mí Iúil, chuaigh grúpa de 14 chiontóir ag cnocadóireacht ar thrí ócáid, agus Oifigeach agus beirt mhúinteoirí corpoideachais in éineacht leo. Imríodh Leadóg agus Eitpheil, agus ba é "Comórtas Leadóige Theach na gCanónach", ar éirigh go geal leis, an t-imeacht deireanach sa chlár corpoideachais samhraidh.

Cúram Sláinte

Freastalaíodh go maith ar riachtanais na gciontóirí le linn na bliana agus níor tháinig aon teagmhais as ar eascair inní chun cinn. Bíonn Dochtúir áitiúil i láthair cúig mhaidin in aghaidh na seachtaine ar feadh tréimhse dhá uair. Lasmuigh de na hamanna sin, tagann an Dochtúir nuair is gá i gcás éigeandála. Freastalaítear ar riachtanais fiacla agus optúla na gciontóirí trí choinne i mbaile an Inbhir Mhóir. Tá an fhoireann Cúram Sláinte comhdhéanta de bheirt Oifigeach Altra atá ar an uainchlár ceann i ndiaidh a chéile ó 8am go dtí 8pm, 7 lá in aghaidh na seachtaine.

Leabharlann

Tá an Leabharlann ar oscailt 10 n-uair in aghaidh na seachtaine mar seo a leanas

An Mháirt 10.00am-12.00pm

An Chéadaoin 10am-12.00pm

An Déardaoin 9.30am 10.30am, 11.00am-12.00pm agus 5.00pm-7.00pm

An Aoine 5.00pm-7.00pm.

Síceolaíocht

Níl aon Síceolaí lánaimseartha againn ó chailleamar ár Síceolaí deireanach i mí Dheireadh Fómhair 2010. Ní mór dúinn brath ar Shíceolaithe eile le teacht anseo ó Phríosúin eile de réir mar is gá.

An tSeirbhís Promhaidh

Lean ár Seirbhís Promhaidh ar aghaidh le bheith ag oibriú ar sheachtain cúig lá. Cuireann an tSeirbhís Promhaidh seirbhís iomlán ar fáil dár gciontóirí uile le linn na bliana agus d'imir sí ról gníomhach in obair ildisciplíneach agus, i gcomhpháirtíocht leis na seirbhísí eile, sheachaid sí cláir agus tionscnaimh athshlánaithe do chiontóirí.

Seirbhísí Eile

Slándáil

Lean CCTV agus Doirse Seachtracha faoi Aláram ar aghaidh le cúnaimh breise a chur ar fáil maidir le slándáil laistigh de Theach na gCanónach. A bhuí leis an mBoth Scagtha Slándála ag an mbealach isteach chuig Teach na gCanónach, is féidir leis an bhfoireann na cuairteoirí uile a sheiceáil i gcomhair aitheantais, agus fágann sé gur féidir fóin phóca, málaí láimhe etc. de chuid cuairteoirí a stóráil go sábháilte i gcomhréir le treoirlínte slándála Sheirbhís Príosún na hÉireann. Coigistíodh 17 fón póca san iomlán sa bhliain.

Foireann

Ba é an líon iomlán foirne do Theach na gCanónach ná 48 oifigeach.

Áineas

Mar gheall ar an méadú ar an líon ciontóirí, bhí sé tábhachtach go ndéanfaí iarrachtaí chun feabhas a chur ar na háiseanna áineasa a bhí ar fáil do chiontóirí. Bhí spás seomra ar fáil mar gheall ar athlonnú an tSiopa Milseáin. Athchóiríodh an seomra agus bunaíodh é mar sheomra púil agus dairteanna. Bíonn an-tóir ag ciontóirí air sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Tá Spórtlann lánfheistithe ar oscailt 7 lá in aghaidh na seachtaine agus tá sí á bainistiú ag beirt Oifigeach Aclaíochta cáilithe. Freastalaíonn na príosúnaigh ar ionad fóillíochta Coral san Inbhear Mór ar bhonn seachtainiúil, áit a dteagascar snámh do chiontóirí agus a n-imríonn ciontóirí sacar, scuais agus leadóg. Cuirtear Cúrsa Scileanna Sacair FAI ar fáil i dTeach na gCanónach agus éascaíonn Cóitseálaí Sacair an cúrsa sin tráthnóna amháin in aghaidh na seachtaine.

Bíonn seisiúin rialta Bhiongó, Tráthanna na gCeist Boird (i gcomhar leis an Aonad Oideachais), Tiomáintí Cártaí, Comórtais Dairteanna, Comórtais Sacair agus Comórtais Phúil do chiontóirí.

Táthú

Sa bhliain 2013, thosaíomar ag athsholáthar na n-oibreacha iarainn ar an ngairdín rósanna agus rinneamar geata stuach in aice leis an gcosán marcaíochta. Tá na hoibreacha uile, lena n-áirítear péinteáil na n-oibreacha iarainn, á ndéanamh ar an gceardlann feirme ag príosúnaigh ar cuireadh oiliúint orthu i gceardlanna táthaithe i bpríosúin dhúnta.

Sciomradh gluaisteáin

Leanadh ar aghaidh le gach feithicil Theach na gCanónach a sciomradh ar an bhfeirm sa cheardlann trí úsáid a bhaint as na huirlisí agus as an innealra speisialaithe.

Sínithe:

An tUas. Thomas Gregan (Cathaoirleach) _____

An tUas. Gerry Delaney. _____

Margaret Short Uas. _____

An tUas. Richard Codd. _____